2024/1957

18.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1957 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 a mhéid a bhaineann le toirmeasc ar lotnaidí áirithe a thabhairt isteach, a ghluaiseacht, a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 ón gCoimisiún ([2]) na lotnaidí a bhfuil toirmeasc sealadach orthu, de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, a ghluaiseacht laistigh di, nó a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh inti.

(2) Ó mhí an Mheithimh 2021 go dtí mí na Nollag 2023, maidir le lotnaidí nach liostaítear mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, mar lotnaidí coraintín de chuid na gcriosanna cosanta nó mar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais, thug roinnt Ballstát fógra don Choimisiún go raibh na lotnaidí sin deimhnithe i gcoinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réada eile de thionscnamh tríú tíortha, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([3]) agus nach rialaítear faoi Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(3) Tá *Homona magnanima* ar cheann de na lotnaidí a bhfuil bearta déanta ag an nGearmáin ina leith, de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2016/2031. Rinneadh í a idircheapadh cúpla uair ag teorainneacha an Aontais agus ní heol go bhfuil sí i láthair ar chríoch an Aontais.

(4) Rinne an Ghearmáin réamh-mheasúnú riosca ar *Homona magnanima* ([4]) do chríoch an Aontais. Tagtar ar an gconclúid ann go gcomhlíonann an lotnaid na critéir le haghaidh lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a leagtar amach i Roinn 3, Foroinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 agus gur cheart, dá bhrí sin, í a bheith faoi réir bearta sealadacha i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031. Ós rud é go leantar de phlandaí óstacha na lotnaide sin a allmhairiú ó thíortha arb eol go bhfuil sí i láthair iontu, tá riosca fíteashláintíochta ag baint léi le haghaidh chríoch an Aontais. Tá gá le measúnú riosca breise, áfach, chun a chinneadh an gcáilíonn *Homona magnanima* mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais agus an bhfuil sí le liostú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Dá bhrí sin, is iomchuí toirmeasc sealadach a chur ar an lotnaid sin a thabhairt isteach san Aontas, a ghluaiseacht laistigh den Aontas, a choinneáil, a iolrú agus a scaoileadh san Aontas, go dtí go mbeidh anailís riosca iomlán déanta.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/2019-12-14.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2022 maidir le toirmeasc ar lotnaidí áirithe a thabhairt isteach, a ghluaiseacht, a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 268, 14.10.2022, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1941/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([4]) Homona magnanima Express PRA notification (julius-kuehn.de).

(5) Thairis sin, áiríodh an lotnaid *Leucinodes orbonalis* ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941, ar bhonn catagóiriú lotnaide a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'). Thug an tÚdarás tuairim eolaíoch uaidh maidir le measúnú iomlán riosca lotnaide ar *Leucinodes orbonalis* ([5]) in 2024. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur an-íseal a bhí an dóchúlacht go mbunófaí an lotnaid agus go mbeadh tionchar ionchasach an-bheag aici san Aontas. I bhfianaise thuairim an Údaráis, is iomchuí teacht ar an gconclúid nach bhfuil riosca fíteashláintíochta do-ghlactha ag baint leis an lotnaid *Leucinodes orbonalis* le haghaidh chríoch an Aontais agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíonann sí na critéir maidir le lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a leagtar amach i Roinn 1, ná i Roinn 3, Foroinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031, a mhéid a bhaineann le críoch an Aontais. Dá bhrí sin, níor cheart é a bheith faoi réir na mbeart sealadach a thuilleadh arna nglacadh de bhun Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941 a leasú dá réir.

(7) Tá forálacha an Rialacháin seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) *EFSA Panel on Plant Health (PLH)* [Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí], 2024. Scientific Opinion on Pest risk assessment of *Leucinodes orbonalis* for the European Union. [Tuairim Eolaíoch maidir le Measúnú riosca lotnaidí ar *Leucinodes orbonalis* le haghaidh an Aontais Eorpaigh.] https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8498.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1941:

'IARSCRÍBHINN

Liosta lotnaidí agus a gcóid arna sannadh ag an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí

1.	*Chloridea virescens* Fabricius [HELIVI]
2.	*Homona magnanima* Dyakonov [HOMOMA]
3.	*Leucinodes pseudorbonalis* Mally *et al.* [LEUIPS]
4.	*Resseliella citrifrugis* Jiang [RESSCI]
5.	*Spodoptera ornithogalli* Guenée [PRODOR]'